**COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH**

GA

18685/11
(OR. en)

PRESSE 498
PR CO 80

# PREASEISIÚINT

3136ú cruinniú de chuid na Comhairle

## Gnóthaí Eachtracha

## Trádáil

An Ghinéiv, 14 Nollaig 2011

An tUachtarán **Hanna TROJANOWSKA**
Forúnaí Stáit, Aireacht um Gheilleagar na Polainne

**P R E A S**

Rue de la Loi 175 B – 1048 AN BHRUISÉIL Teil.: +32 (0)2 281 3195 / 6319 Facs: +32 (0)2 281 8026
press.office@consilium.europa.eu http://www.consilium.europa.eu/Newsroom

## Príomhthorthaí ón gComhairle

*Bhí cruinniú ag an gComhairle sa Ghinéiv chun 8ú comhdháil na n-airí de chuid na* **hEagraíochta Domhanda Trádála** an 15-17 Nollaig a ullmhú.

*D'fhormheas an Chomhairle aontachas na* ***Rúise*** *agus* ***Shamó*** *leis an Eagraíocht Dhomhanda Trádála (EDT). Glacfar an cinneadh ag comhdháil airí an EDT.*

*Thug an Chomhairle cead don Choimisiún freisin tús a chur le caibidlíocht dhéthaobhach leis* ***an Éigipt****, leis* ***an Iordáin****, le* ***Maracó*** *agus leis* ***an Túinéis,*** *d'fhonn limistéir shaorthrádála a bheadh "iomlán agus domhain" a bhunú.*

*Áirítear le cinntí eile a ghlac an Chomhairle tacaíocht AE a thabhairt chun tarscaoileadh a dheonú lena gcuirfear ar chumas comhaltaí an EDT cóir fhabhrach a thabhairt do sheirbhísí agus do sholáthróirí seirbhísí na* ***dtíortha is lú forbairt****.*

# CLÁR[1]

**RANNPHÁIRTITHE ..... 4**

**MÍREANNA A PLÉADH**

COMHDHÁIL AIRÍ AN EDT ..... 6

**MÍREANNA EILE A FORMHEASADH**

*BEARTAS TRÁDÁLA*

– Aontachas Shamó leis an EDT ..... 7

– Aontachas na Rúise leis an EDT ..... 7

– Comhaontuithe saorthrádála le tíortha na Meánmhara Theas ..... 8

– Cóir fhabhrach do na tíortha is lú forbairt ..... 8

– Frithdhumpáil - Píobáin agus feadáin chruach - an tSín ..... 8

[1] 
- I gcás ina mbeidh dearbhuithe, conclúidí nó rún glactha go foirmiúil ag an gComhairle, léirítear é seo sa cheannteideal don ábhar lena mbaineann agus cuirtear an téacs idir chomharthaí athfhriotail.
- Doiciméid a dtugtar tagairtí dóibh sa téacs, tá siad ar fáil ar láithreán Idirlín na Comhairle (http://www.consilium.europa.eu).
- Gníomhartha a glacadh le dearbhuithe do mhiontuairiscí na Comhairle agus a fhéadfar a scaoileadh leis an bpobal, taispeántar le réiltín iad; tá na dearbhuithe seo ar fáil ar láithreán Idirlín na Comhairle nó féadfar iad a fháil ón bPreas-Oifig.

## RANNPHÁIRTITHE

| | |
|---|---|
| **An Bheilg:**<br>François ROUX | An Buanionadaí |
| **An Bhulgáir:**<br>Gancho GANEV | Buanionadaí Phoblacht na Bulgáire chuig na NA agus chuig na hEagraíochtaí Idirnáisiúnta Eile sa Ghinéiv |
| **Poblacht na Seice:**<br>Martin TLAPA | An Leas-Aire Tionscail agus Trádála |
| **An Danmhairg:**<br>Pia OLSEN DYHR | An tAire Tionscail agus Trádála |
| **An Ghearmáin:**<br>Jochen HOMANN | Státrúnaí, An Aireacht Chónaidhme Gnóthaí Eacnamaíocha agus Teicneolaíochta |
| **An Eastóin:**<br>Väino REINART | Forúnaí Gnóthaí Eacnamaíocha agus Forbartha, An Aireacht Gnóthaí Eachtracha |
| **Éire:**<br>Gerard CORR | An Buanionadaí |
| **An Ghréig:**<br>Constantine PAPADOPOULOS | Ardrunaí, An Aireacht Gnóthaí Eachtracha |
| **An Spáinn:**<br>Alfredo BONET BAIGET | An Státrúnaí Trádála Eachtraí |
| **An Fhrainc:**<br>Pierre LELLOUCHE | An tAire Stáit a bhfuil freagracht air maidir le Trádáil Eachtrach, a ghabhann leis an Aire Gnóthaí Eacnamaíocha, Airgeadais agus Tionscail |
| **An Iodáil:**<br>Amedeo TETI | Ard-Stiúrthóir do Bheartas Trádála san Aireacht Iodáileach um Fhorbairt Eacnamaíoch |
| **An Chipir:**<br>Aigli PANTELAKI | Rúnaí Buan, An Aireacht Talmhaíochta, Acmhainní Nádúrtha agus Comhshaoil |
| **An Laitvia:**<br>Edgars RINKĒVIČS | An tAire Gnóthaí Eachtracha, Ceann Toscaireachta |
| **An Liotuáin:**<br>Egidijus MEILŪNAS | An Leas-Aire Gnóthaí Eachtracha |
| **Lucsamburg:**<br>Jean FEYDER | An Buanionadaí |
| **An Ungáir:**<br>István MAJOR | An Bhuanionadaíocht |
| **Málta:**<br>Joseph RAPA | Ard-Stiúrthóir, An Aireacht Airgeadais, an Geilleagar agus Infheistíocht |
| **An Ísiltír:**<br>Simon SMITS | Leas-Cheann Toscaireachta, Ard-Stiúrthóir Caidrimh Idirnáisiúnta, an Aireacht Gnóthaí Eacnamaíocha, Talmhaíocht agus Nuálaíocht |
| **An Ostair:**<br>Reinhold MITTERLEHNER | An tAire Cónaidhme do Ghnóthaí Eacnamaíocha, an Teaghlach agus an Óige |

**An Pholainn:**

| | |
|---|---|
| Hanna TROJANOWSKA | Forúnaí Stáit, an Aireacht um an nGeilleagar |
| Mieczysław NOGAJ | Stiúrthóir, Roinn an Bheartais Trádála, an Aireacht Gnóthaí Eacnamaíocha |

**An Phortaingéil:**

| | |
|---|---|
| Miguel MORAIS LEITÃO | Státrúnaí do Ghnóthaí Eorpacha |

**An Rómáin:**

| | |
|---|---|
| Károly BORBÉLY | Státrúnaí, an Aireacht um an nGeilleagar, Trádáil agus Timpeallacht an Ghnó |

**An tSlóivéin:**

| | |
|---|---|
| Matjaz KOVACIC | An Buanionadaí |

**An tSlóvaic:**

| | |
|---|---|
| Kristián TAKÁČ | Leas-Aire, an Aireacht um an nGeilleagar |

**An Fhionlainn:**

| | |
|---|---|
| Esko HAMILO | Forúnaí Stáit um Chaidreamh Seachtrach Eacnamaíoch |

**An tSualainn:**

| | |
|---|---|
| Ewa BJÖRLING | An tAire Trádála |

**An Ríocht Aontaithe:**

| | |
|---|---|
| Edward DAVEY | An tAire Stáit don Trádáil |

...........................................................

**An Coimisiún:**

| | |
|---|---|
| Karel DE GUCHT | Comhalta |

...........................................................

Bhí na hionadaithe a leanas ag Rialtas an Stáit Aontaigh:

**An Chróit:**

| | |
|---|---|
| Vesna Vuković | An Buanionadaí |

## ÍTIMÍ A PLÉADH

## COMHDHÁIL AIRÍ AN EDT

Rinne an Chomhairle tuairimí a mhalartú mar ullmhú do 8ú comhdháil na n-airí de chuid na hEagraíochta Domhanda Trádála, a thionólfar ag ceanncheathrú an EDT sa Ghinéiv an 15-17 Nollaig. Rinne sí plé freisin maidir le rochtain ar an margadh faoi chuimsiú an chomhaontaithe maidir le soláthar rialtais.

Cé nach gceaptar go dtarlóidh aon urfhuascailt i gcaibidlíocht an Chláir Oibre Doha um Fhorbairt le linn na comhdhála airí sin, d'athdhearbhaigh an Chomhairle go bhfuil sí tiomanta do thoradh uaillmhianach agus cuimsitheach a bhaint amach ón gcruinniú. Leag an Chomhairle béim chomh maith ar an ról ríthábhachtach atá ag an EDT sa ghéarchéim eacnamaíochta agus airgeadais agus d'fhormhuinigh sí a iarrachtaí chun próiseas faireacháin éifeachtach a sholáthar chun cosantas a chomhrac.

## ÍTIMÍ EILE A FORMHEASADH

### *BEARTAS TRÁDÁLA*

**Aontachas Shamó leis an EDT**

Ghlac an Chomhairle cinneadh lena ndéanfar aontachas Shamó leis an EDT a fhormheas thar ceann an AE. Déanfaidh an EDT an cinneadh ag a 8ú comhdháil airí, sa Ghinéiv an 15-17 Nollaig.

**Aontachas na Rúise leis an EDT**

Ghlac an Chomhairle cinneadh lena ndéanfar aontachas na Rúise leis an EDT a fhormheas thar ceann an AE. Déanfaidh an EDT an cinneadh ag a 8ú comhdháil airí, sa Ghinéiv an 15-17 Nollaig.

Mar chuid den phacáiste iomlán, d'fhormheas an Chomhairle freisin go síneofaí[1] na ceithre chomhaontú déthaobhacha leis an Rúis atá leagtha amach sa Phrótacal Aontachais leis an EDT:

- cuótaí ráta taraife a riar, ar cuótaí iad is infheidhme maidir le honnmhairiú adhmaid ón Rúis chuig an AE;

- sásra cúitimh lena n-áiritheofar nach dtiocfaidh laghdú ar allmhairiú codanna agus comhbhall d'fheithiclí mótair ón AE chuig an Rúis mar thoradh ar chur chun cinn an réimis infheistíochta san earnáil uathghluaisneach;

- coinneáil leis na gealltanais a tugadh i ndáil le trádáil seirbhísí atá sa chomhpháirtíocht reatha AE-an Rúis agus sa chomhaontú comhair;

- dleachtanna onnmhairiúcháin ar amhábhair a thabhairt isteach nó a mhéadú ag an Rúis.

---

1 Tá sé beartaithe go síneofar iad an 16 Nollaig ag Ambasáid na Rúise sa Ghinéiv.

**Comhaontuithe saorthrádála le tíortha na Meánmhara Theas**

Thug an Chomhairle údarú don Choimisiún tús a chur le caibidlíocht dhéthaobhach leis an Éigipt, leis an Iordáin, le Maracó agus leis an Túinéis, d'fhonn limistéir shaorthrádála a bheadh "iomlán agus domhain" a bhunú, mar chuid de na comhaontuithe comhlachais Eora-Mheánmhara leis na tíortha sin. Cuirfear tús le cainteanna a luaithe is féidir.

**Cóir fhabhrach do na tíortha is lú forbairt**

Ghlac an Chomhairle cinneadh lena bhformheasfar go dtabharfadh comhdháil airí an EDT tarscaoileadh lena gcuirfear ar chumas ball den EDT cóir fhabhrach a thabhairt do sheirbhísí agus do sholáthróirí seirbhísí na dtíortha is lú forbairt.

**Frithdhumpáil - Píobáin agus feadáin chruach - an tSín**

Ghlac an Chomhairle Rialachán lena ngearrfar dleacht cinntitheach frithdhumpála agus lena mbaileofar go cinntitheach an dleacht sealadach a ghearrfar ar allmhairí de phíobáin agus d'fheadáin chruach dosmálta áirithe gan uaim arb í an tSín a dtír tionscnaimh *(*17401/11*)*.

---